

Teangacha ar scoil

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuirisc ar ball faoi theanga nua a bheidh ar an churaclam scoile. Sula bhféachann sibh ar an tuairisc, déan féin agus an duine in aice leat na ceisteanna seo a phlé le chéile:

1. Cé mhéad teanga atá agat?
2. Cad iad na teangacha atá á ndéanamh agat ar an scoil?
3. Cad í an teanga is fearr leat?

Ceist 2 Bí ag obair leis an duine in aice leat go fóill.

(a) Féachaigí ar an tábla seo agus líonaigí na bearnaí. Tá an chéad cheann déanta daoibh. Is iad na teangacha is coitianta a dhéantar sna scoileanna.

An tír	An duine	An teanga	An teanga sa tuiséal ginideach
An Fhrainc	Francach	An Fhraincis	... na Fraincise
An Spáinn			
An Ghearmáin			
An Iodáil			
An Ghréig			
An tSín			
An tSeapáinis			

(b) An bhfuil na tíortha agus teangacha sa Ghaeilge firinscneach nó baininscneach, de ghnáth? An bhfuil aon eisceachtaí?

Ceist 3 Éist leis an mhír faoi dhó agus breac síos príomhábhar na míre ansin. Féach cad a bhí ag an duine in aice leat.

Ceist 4 ‘...*Toscaireacht múinteoirí...*’

Tá dhá chineál iolra sa Ghaeilge – lagiolra agus tréaniolra. Tá sé an-éasca a dhéanamh amach cén ceann atá i gceist mar níl ach dhá chineál **lagiolra** ann, féach:

(1) Focail a gcuirtear **-a** leo chun an t-iolra a dhéanamh:

e.g. cos – cosa **agus** úll – úlla

(2) Focal a **chaolaítear** chun an t-iolra a dhéanamh:

e.g. gluaisteán – gluaisteáin **agus** cnoc – cnoic

Is **tréaniolraí** iad **gach cineál** eile iolra.

e.g. cailín – cailíní
múinteoir – múinteoirí
rang – ranganna
gúna – gúnaí
cathair - cathracha

Cuir na focail seo thíos san uimhir iolra agus abair an bhfuil siad lag nó tréan:

Focal	Uimhir Iolra	Lagiolra	Tréaniolra
Fadhb			
Ball			
Bileog			
Fear			
Gluaisteán			
Cruinniú			
Foghlaimoir			
Iarratas			
Leabharlann			
Feidhm			

Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach an t-eolas thuas a bheith ar eolas ag duine? Pléigh leis an duine in aice leat.

Ceist 5

'...*faoi cheann dhá bhliain...*'

- (a) Cén t-ainm atá ar an ghné den ghramadach atá i gcló dubh thuas?
(b) Féach ar na samplaí seo. Cad is féidir leat a rá fúthu?:

*i gceann dhá bhliain **ach** i gceann bliana
ar feadh trí mhí **ach** ar feadh míosa*

- (c) Cuir Gaeilge ar an sliocht seo a leanas:

*I went on holidays six months ago for 3 weeks and I had a great time.
I haven't been anywhere for ages and I'm working very hard for the last 2
weeks. I think I'll go and visit my friend in London for a weekend in a
month's time.*

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa:

- An maith leat bheith ag déanamh staidéir ar theangacha? Cén fáth?
- An síleann tú gur féidir le duine a bheith go maith chuig teangacha agus ag cúrsaí eolaíochta freisin?
- Cad é an ghné is deacra agus is éasca de theanga a fhoghlaim, dar leat?

Freagraí

Ceist 1 Tabhair tamall do na daltaí na ceisteanna a phlé i ngrúpaí.

Ceist 2 (a) / (b)

An tír	An duine	An teanga	An teanga sa tuiseal ginideach
An Fhrainc	Francach	An Fhraincis	... na Fraincise
An Spáinn	Spáinneach	An Spáinnis	... na Spáinnise
An Ghearmáin	Gearmánach	An Ghearmáinis	... na Gearmáinise
An Iodáil	Iodálach	An Iodáilis	... na hIodáilise
An Ghréig	Gréagach	An Ghréigis	... na Gréigise
An tSín	Síneach	An tSínis	... na Síinise
An tSeapáin	Seapánach	An tSeapáinis	... na Seapáinise

Bíonn na teangacha agus na tíortha baininscneach de ghnáth.
Is eisceachtaí iad na focail 'Meiriceá', 'Sasana' agus 'Béarla'.

Ceist 3

Iarr ar na foghlaimeoirí éisteacht leis an mhír sa dóigh is go mbeidh siad in ann cur síos a dhéanamh uirthi. Níor cheart go mbeadh aon deacracht acu é sin a dhéanamh. Ná hiarr orthu éisteacht go cruinn léi mar ní hí an mhír is cruinne í ó thaobh na Gaeilge de.

Ceist 4

Focal	Uimhir Iolra	Lagiolra	Tréaniolra
Fadhb	Fadhbanna		√
Ball	Baill	√	
Bileog	Bileoga	√	
Fear	Fir	√	
Gluaisteán	Gluaisteáin	√	
Cruinniú	Cruinnithe		√
Foghlaimeoir	Foghlaimeoirí		√
Iarratas	Iarratais	√	
Leabharlann	Leabharlanna	√	
Feidhm	Feidhmeanna		√

Tá an lagiolra agus an tréaniolra tábhachtach chun an tuiseal ginideach uimhir Iolra a dhéanamh amach. Níl sé tábhachtach in aon chás eile.

Ceist 5

- Réamhfocal comhshuite atá ann agus baineann sé le cúrsaí ama.
- Tá riail scaoilte ann: Má thagann dhá fhocal tar éis réamhfocal comhshuite a bhaineann le cúrsaí ama ní chuirtear sa tuiseal ginideach iad. Má thagann focal amháin tar éis an réamhfocail chomhshuite, áfach, cuirtear sa tuiseal ginideach é.
- Chuaigh mé ar laethanta saoire sé mhí ó shin ar feadh trí seachtaine agus bhí am iontach agam. Is fada an lá ó bhí mé in aon áit agus tá mé ag obair go díograiseach anois le coicís anuas. Ceapaim go rachaidh mé ar cuairt chuig mo chara i Londain ar feadh deireadh seachtaine i gceann míosa.*

Ceist 6 Tabhair tamall do na daltaí na ceisteanna a phlé i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola

Tá sé beartaithe ag an rialtas Sínis a chur ar churaclam an Teastais Shóisearaigh faoi cheann dhá bhliain. Tá toscaireacht múinteoirí agus lucht oideachais as an tír seo ar cuairt chun na Síne faoi láthair le réiteach don athstruchtúrú atá le déanamh ar an Teastas Sóisearach.

Tomás Ó Mainnín

An chéad chéim dá n-aistear go dtí an Cianoirthearⁱ. Tá fiche is a sé duine, idir mhúinteoirí agus lucht oideachais ag tabhairt faoi Shanghai na Síne mar réamhullmhú don dteangaⁱⁱ Sínisseⁱⁱⁱ atá le bheith mar chúrsa gearr^{iv} ar an gcuraclam don dTeastas Sóisearach athchóirithe.

An Seanadóir, Fidelma Healy Eames

Tá an *Chinese* ag teacht isteach sa churaclam nua don *Junior Cert* tar éis dhá bhliain. Beidh sé ann mar *short course* nó cúrsa gearr agus seo an chéad uair a bheidh^v an rud seo ag tarlú agus mar sin, is rud an-stairiúil é seo.

Tomás Ó Mainnín

Tá roinnt de na scoileanna tar éis cúrsa Sínisse a thosnú cheana féin. Tá súil go dtabharfaidh an turas seo breis eolais dóibh maidir leis an dteanga agus an gcultúr^{vi}.

Micheál Ó Gallachóir

Thart ar dhá mhí ó shin, chuireamar ranganna Sínisse ar siúl agus d'éirigh go hiontach leis na daltaí i ndáiríre, so dá thoradh sin tá muid ag tnúth go bhfuil...*i suppose*, tá muid ag déanamh caidrimh, ag iarraidh caidrimh agus naisc a dhéanamh leis na Síne^{vii}.

Seán Holian

Ceapaimse go bhfuil sárobair á déanamh^{viii} sna scoileanna in Éirinn ach caithfidh muid an t-am ar fad a bheith ag féachaint thar lear agus ag foghlaim.

Tomás Ó Mainnín

Is í an Chomhairle Idirnáisiúnta Sínisse agus Institiúid Confucius i gColáiste na hOllscoile Corcaigh atá ag íoc as an dturas a leanfaidh ar feadh seachtaine. Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4 sa Ghailimh.

ⁱ Úsáidtear an tuiséal tabharthach in áit an tuisil ainmnigh go minic i gcanúint na Mumhan.

ⁱⁱ Cuirtear 'd' ar an 't' sa tuiséal tabharthach go minic i gcanúint na Mumhan

ⁱⁱⁱ *Sínis* a deirtear

^{iv} *gearra* a deirtear

^v *a mbeadh* a deirtear

^{vi} *an chultúr* a deirtear

^{vii} *Sínise* a deirtear

^{viii} *á dhéanamh* a deirtear